# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH 2016 – MAIDIN 9.30-12.00

# ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Freagair **cúig** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar an obair, ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh**.
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Seo thíos buiséad theaghlach Uí Nuadháin do cheithre mhí, ó Mheán Fómhair go Mí na Nollag 2016.

Is é an tAirgead ar Láimh Tosaigh ná €300.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Peadar Ó Nuadháin €3,400 glanphá in aghaidh na míosa agus measann sé go mbeidh **laghdú** air sin de €350 glan in aghaidh na míosa ó 1 Samhain 2016.
- Tuilleann Aoife Uí Nuadháin €1,900 glan in aghaidh na míosa agus measann sí go mbeidh **ardú** air sin de €160 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair 2016.
- Meastar gur €405 in aghaidh na míosa an sochar leanaí a bheidh acu.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an morgáiste tí ná €630 in aghaidh na míosa ach **méadóidh** sé de €75 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair 2016.
- Íocann teaghlach Uí Nuadháin préimh árachas tí de €80 in aghaidh na míosa agus **méadóidh** sé seo go dtí €95 in aghaidh na míosa ó 1 Samhainn, 2016.
- Íocann teaghlach Uí Nuadháin préimh árachas sláinte de €240 in aghaidh na míosa.
- Meastar gur €2,100 in aghaidh na míosa a bheidh ar chostais teaghlaigh ach amháin i mí na Nollag nuair a bheidh said €200 **níos lú** ná sin.
- Meastar go gcosnóidh an líne theileafóin thalún agus an leathanbhanda €180 i mí Mheán Fómhair agus €160 i mí na Samhna. Chomh maith leis sin, cosnóidh teileafóin phóca €110 in aghaidh na míosa.
- Meastar go mbeidh billí leictreachais le haghaidh solais agus teasa de €240 i mí Dheireadh Fómhair agus €300 i mí na Nollag, agus go gcosnóidh ola théite tí €670 i mí na Samhna.
- Meastar gur €280 in aghaidh na míosa a bheidh mar chostais reatha gluaisteáin ar Pheadar agus €200 in aghaidh na míosa a bheidh ar Aoife. Cuirfear ceithre bhonn nua, a chosnóidh €75 an ceann, ar ghluaisteán Pheadair i mí na Samhna.
- Ar na costais oideachais beidh ríomhairí nua iPad, a chosnóidh €700 i mí Mheán Fómhair, agus turas scoile, a chosnóidh €500 i mí na Nollag, san áireamh.
- Cosnóidh bronntanais €240 i mí Dheireadh Fómhair agus €770 i mí na Nollag.
- Cosnóidh siamsaíocht €180 in aghaidh na míosa ach amháin i mí na Nollag nuair a chosnóidh sí €100 **sa bhreis**.
- Tá saoire á pleanáil ag teaghlach Uí Nuadháin. Caithfear íoc as eitiltí i mí Mheán Fómhair a chosnóidh €1,000 agus as cóiríocht i mí na Samhna a chosnóidh €2,000.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán)* agus bain úsáid as na figiúirí uile thuas. (50)

**(B)** Ríomh sochar leanaí theaghlach Uí Nuadháin in aghaidh na bliana. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** Dá mbeadh ar theaghlach Uí Nuadháin iasacht a fháil ar feadh bliana ar 9% in aghaidh na bliana chun na ríomhairí iPad a cheannach, ríomh costas iomlán na ríomhairí iPad. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 9 den Leabhrán.*) (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo***:

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair Turbo Teo. ar an 31 Nollaig 2015, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 450,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **Turbo Teo**.<br>**Comhardú Trialach mar a bhí ar an 31 Nollaig 2015** | **Dr** | **Sr** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ar Airgead Síos | | 480,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Síos | 285,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 3,170 | |
| Stoc Tosaigh ar an 1 Eanáir 2015 | 34,150 | |
| Pá | 69,120 | |
| Fógraíocht | 2,650 | |
| Árachas | 3,100 | |
| Solas agus Teas | 4,700 | |
| Teileafón | 5,610 | |
| Díbhinn Íoctha | 16,000 | |
| Áitreabh | 200,000 | |
| Innealra | 130,000 | |
| Feithiclí Mótair | 75,000 | |
| Airgead ar Láimh | 8,500 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 37,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 320,000 |
| | 837,000 | 837,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig 2015 ná €58,320.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Leithghabhála Trádála, Brabúis agus Caillteanais** do Turbo Teo. don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015. (*Freagair ar leathanach 10 den Leabhrán.*)

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2015.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'Airgead ar Láimh' sa Chomhardú Trialach thuas.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)*

(ii) Ríomh an Brabús Comhlán mar chéatadán de na Díolacháin ar Airgead Síos agus bain úsáid as an bhfoirmle seo:

$$\frac{\text{Brabús Comhlán}}{\text{Díolacháin ar Airgead Síos}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le Clubanna agus le Litir a Scríobh**.
*Le comhlánú ar Leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*



Tá cónaí ar Shiobhán Ní Chuana i Radharc Cois Locha, An Cabhán.
Toghadh í mar chisteoir ar Chlub Rugbaí Ban BÓD.
Is iad aidhmeanna an Chlub ná:

(i) níos mó ban a fháil isteach sa chlub agus ballraíocht an chlub a mhéadú;

(ii) airgead a chruinniú atá de dhíth chun an clubtheach nua a chríochnú, páirc traenála a sholáthar agus mionbhus a cheannach.

Iarradh ar Shiobhán cúram a dhéanamh den obair seo chomh maith lena cúraimí eile mar chisteoir an chlub.

Rinne sí teagmháil le Póilín Ní Chonaill, Comhairleoir Airgeadais, 5 Páirc Thuamhan, Luimneach, chun comhairle a fháil.

Scríobh Póilín litir chuig Siobhán ar 14 Meitheamh 2016. Ghabh sí buíochas le Siobhán sa litir faoina comhairle a iarraidh. Thug sí sampla **amháin** de dhóigh a bhféadfaí ballraíocht a mhéadú agus sampla **amháin** de dhóigh a bhféadfaí airgead a chruinniú don chlub. Luaigh sí freisin gur mhaith léi bualadh le Siobhán ar 2.30 pm ar an 21 Meitheamh 2016 ina hoifig i Luimneach chun aidhmeanna an chlub a phlé.

**(A)** Scríobh an litir a sheol Póilín chuig Siobhán Ní Chuana ar 14 Meitheamh 2016.
(*Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 12 den Leabhrán.)* (40)

**(B)** Mínigh **dhá** dhualgas a bhíonn ar chisteoir club.
*(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (10)

**(C)** Luaigh **dhá** shampla de shócmhainní a d'fhéadfadh a bheith ag club.
*(Freagair ar leathanach 13 den Leabhrán.)* (10)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Baincéireacht**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 14 agus 15 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá Éamonn de Rís fostaithe ó 2008 mar mheasúnóir ag Árachas Uí Fhloinn Teo., An Bóthar Fada, Ros Comáin. Fuair sé an Ráiteas Bainc seo sa phost:

**Banc AIB** Ráiteas Uimh. 3241
An tSráid Mhór, Ros Comáin

| | |
|---|---|
| Éamonn Uas. De Rís | Ainm an Chuntais: ÉAMONN DE RÍS |
| 25 Bóthar an Ghoirt Aird | IBAN: IE37AIBK76935453961274 |
| Ros Comáin | Dáta: 31 Bealtaine 2016 |

| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| 01 Beal. 2016 | Iarmhéid ar aghaidh | | | 236.00 |
| 03 Beal. 2016 | Pá-chonair – tuarastal míosúil | | 1,862.00 | 2,098.00 |
| 10 Beal. 2016 | Buanordú - Comhar Creidmheasa Ros Comáin | 95.00 | | 2,003.00 |
| 17 Beal. 2016 | Aistriú creidmheasa | | 225.00 | 2,228.00 |
| 23 Beal. 2016 | UMB – AIB, Brainse Bhaile Átha Luain | 150.00 | | 2,078.00 |
| 26 Beal. 2016 | IDV – Siopa Spar | 635.00 | | 1,443.00 |
| 27 Beal. 2016 | D/D – Vodafone | 46.00 | | 1,397.00 |

**(A)** (i) Cén banc agus cén brainse ina bhfuil a chuntas ag Éamonn?
*(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)*

(ii) Cé acu cuntas taisce nó cuntas reatha atá ag Éamonn? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra. (*Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.*)

(iii) De réir Bhanc AIB, cé mhéad airgid atá ag Éamonn ina chuntas ar 31 Bealtaine 2016? (*Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.*)

(iv) Mínigh iontráil 23 Bealtaine 2016. *(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)*

(v) Mínigh an téarma 'Pá-chonair'. *(Freagair ar leathanach 14 de Leabhrán.)*

(30)

**(B)** Tá Éamonn ag beartú gluaisteán nua a cheannach. Beidh sé 32 bliain d'aois ar 17 Iúil 2016. Ní mór dó €15,000 a fháil ar iasacht. Tá súil aige é a aisíoc i dtráthchodanna míosúla de €410 i rith na gceithre bliana atá le teacht. Tá iasacht de €3,000 aige cheana féin ó Chomhar Creidmheasa Ros Comáin a aisíocann sé le buanordú ar an 10ú lá de gach mí. Is é 086 5566992 a uimhir ghutháin.



Ríomh an t-ús iomlán a bheidh ar Éamonn a íoc ar a iasacht ghluaisteáin. Taispeáin do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)* (10)

**(C)** Faigheann Éamonn Foirm Iarratais le haghaidh Iasachta óna bhrainse de Bhanc AIB. Comhlánaigh an Fhoirm Iarratais le haghaidh Iasachta agus úsáid dáta an lae inniu.
*(Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.)* (20)

**(60 marc)**

**5.** **Ceist í seo a bhaineann le Doiciméid Ghnó**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 16, 17 agus 18 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*



Is í Mailí Ní Mhaoileoin an Bainisteoir Ceannachán ag Soláthairtí Gairdíní Teo., Inis, Co. an Chláir. Seiceálann sí Luachana ó thrí sholáthraí dhifriúla. Roghnaíonn sí Trealamh ROG Teo. le hearraí a cheannach uathu.

Ar an 25 Bealtaine 2016, seolann sí ordú (Uimh. 201) chuig Roger Ó Gadhra, An Bainisteoir, Trealamh ROG Teo., Eastát Tionsclaíoch Bhóthar na Trá, Gaillimh, le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 40 | Bara Rotha Plaisteach Glas | Déanamh BPG 13 | @ | €135.00 an ceann |
| 20 | Suíochán Gairdín Fuinseoige | Déanamh SGF 48 | @ | €90.00 an ceann |
| 100 | Forc Gairdín Darby | Déanamh FGD 02 | @ | €30.00 an ceann |
| 30 | Treilís Ghairdín Fuinseoige | Déanamh TGF 32 | @ | €40.00 an ceann |

**(A)** (i) Luaigh **dhá** bhlúire eolais i Luachan a chuidigh le Mailí a rogha a dhéanamh. *(Freagair ar leathanach 16 den Leabhrán.)*

(ii) Ó na sonraí thuas comhlánaigh an tOrdú bán Uimh. 201 *(ar leathanach 16 den Leabhrán).* (21)

**(B)** Tá na hearraí go léir a ordaíodh sa stoc ach amháin an Treilís Ghairdín Fuinseoige. Seachadann cúiréir na **Baraí Rotha**, na **Suíocháin Ghairdín** agus na **Foirc Ghairdín** go Soláthairtí Gairdíní Teo. ar an 30 Bealtaine 2016. Seiceálann Mailí na hearraí nuair a thagann siad isteach agus síníonn sí an Duillín Seachadta. Ansin tugann an cúiréir di Sonrasc Uimh. 977, dár dháta 30 Bealtaine 2016.

Baineann Lascaine Thrádála 15% agus CBL 20% le gach earra.
Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 977 *(ar leathanach 17 den Leabhrán)*.
(30)

**(C)** Ar 5 Meitheamh 2016, i ndiaidh dó an íocaíocht a fháil ó Mhailí Ní Mhaoileoin, eisíonn Roger Ó Gadhra admháil thar ceann Trealamh ROG Teo. Ar an lá céanna, déantar an beart seo a iontráil i gCuntas Bainc Trealamh ROG Teo.

Déan fáil an airgid ó Sholáthairtí Gairdíní Teo. a iontráil i gCuntas Bainc Trealamh ROG Teo. *(Ná húsáid ach ceann amháin de na cuntais bhainc ar leathanach 18 den Leabhrán.)*
(9)
**(60 marc)**

**6.** **Baineann an cheist seo le Cuntais Feirme, le Teicneolaíocht Faisnéise agus le Billí a Íoc.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is feirmeoir í Máire Ní Mhóráin a choinníonn Leabhar Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe). Lóisteáiltear an t-airgead go léir a fhaigheann sí ina cuntas reatha bainc ar an lá céanna agus déantar gach íocaíocht le seic.

Ar 1 Aibreán 2016, bhí iarmhéid €2,750 i gcuntas bainc na feirme.

Rinne Máire na bearta seo a leanas le linn mhí Aibreáin 2016:

| 2016 | Beart | Admháil Uimh. | Seic Uimh. | Méid € |
|---|---|---|---|---|
| Aibreán 4 | Díoladh eallach | 53 | | 13,700 |
| 5 | Ceannaíodh beathú eallaigh | | 323 | 3,050 |
| 8 | Íocadh as deisiúcháin innealra | | 324 | 2,350 |
| 11 | Fuarthas seic bainne | 54 | | 4,600 |
| 13 | Íocadh as obair chléireachais | | 325 | 1,400 |
| 15 | Fuarthas Íocaíocht AE (SBÍ) | 55 | | 9,000 |
| 18 | Ceannaíodh beathú eallaigh | | 326 | 5,200 |
| 19 | Díoladh eallach | 56 | | 6,500 |
| 22 | Díoladh sean-innealra | 57 | | 1,800 |
| 25 | Ceannaíodh eallach | | 327 | 7,500 |
| 28 | Íocadh as deisiúcháin ar an scioból féir | | 328 | 4,900 |
| 29 | Ceannaíodh leasachán talún | | 329 | 650 |

**(A)** Chuir an banc in iúl do Mháire nach mbeadh seiceanna in úsáid i ndiaidh 1 Lúnasa 2016.

(i) Níl Máire ag iarraidh suim mhór airgid a choinneáil ina teach ar fhaitíos go ngoidfí í.
Luaigh **dhá** shlí a bhféadfadh sí a cuid airgid tirim a choinneáil slán.
*(Freagair ar leathanach 18 den Leabhrán.)*

(ii) Ní bheidh Máire ábalta a billí feirme a íoc in airgead tirim.
Luaigh slí **amháin** a bhféadfadh sí a cuid billí feirme a íoc san am atá le teacht.
*(Freagair ar leathanach 18 den Leabhrán.)* (9)

**(B)** Breac go hiomlán Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí Anailísithe (Leabhar Airgid Anailísithe) Mháire Ní Mhóráin do mhí Aibreáin 2016 *(ar leathanach 19 den Leabhrán)*.
Nóta: Seasann SBÍ do Scéim Buníocaíochta.

Bain úsáid as na colúin anailísithe seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Eallach SBÍ Eile

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Eallach Deisiúcháin Beathú Eile

Suimigh gach colún anailísithe **agus** comhardaigh na Colúin Bhainc ag deireadh mhí Aibreáin 2016.
(43)

**(C)** Is spéis le Máire Ní Mhóráin ríomhaire a cheannach.
Mínigh **dhá** úsáid a d'fhéadfadh Máire a bhaint as ríomhaire chun cuidiú léi an fheirm a bhainistiú.
*(Freagair ar leathanach 19 den Leabhrán.)* (8)
**(60 marc)**

| **7.** | **Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta agus Eacnamaíocht**. *(Le comhlánú ar Leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)* |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Is iad na ceithre thoisc táirgeachta ná talamh, saothar, caipiteal agus fiontraíocht.

(i) Luaigh na luachanna saothair nó na híocaíochtaí le haghaidh **gach** toisc táirgeachta.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Mínigh **dhá cheann** de na tosca táirgeachta.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(18)

**(B)** (i) Cé acu Roinn Rialtais a ullmhaíonn an Buiséad Náisiúnta?
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(ii) Tabhair cúis **amháin** a n-ullmhaíonn an Rialtas Buiséad Náisiúnta.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(iii) Tabhair sampla **amháin** de chaiteachas reatha an Rialtais ar Oideachas.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(iv) Tabhair sampla **amháin** de chaiteachas caipitil an Rialtais ar Oideachas.
*(Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.)*

(12)

**(C)** Tugadh na figiúirí seo a leanas ar lá an bhuiséid mar réamh-mheastacháin don bhliain 2017:

| **Caiteachas Reatha Pleanáilte** | **€000** |
|---|---|
| Sláinte | 35,000 |
| Coimirce Shóisialach | 15,000 |
| Oideachas | 25,000 |
| Dlí agus Ceart | 10,000 |
| Fónamh ar Fhiachas | 5,000 |
| **Ioncam Reatha Pleanáilte** | |
| ÍMAT | 28,000 |
| ÁSPC agus MSU | 12,000 |
| CBL | 21,000 |
| Cáin Chorparáide | 16,000 |
| Ioncam Eile | 3,000 |

(i) Ullmhaigh an Buiséad Náisiúnta don bhliain 2017 ón eolas uile thuas.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(ii) Cuir in iúl cé acu an buiséad 'barrachais' nó buiséad 'easnaimh' é.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*


(iii) Taispeáin Caiteachas Reatha Pleanáilte an Rialtais i bhfoirm **Barrachairte**.
*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(30)
**(60 marc)**

**8.** **Ceist í seo a bhaineann le Córais Seachadta agus le Margaíocht**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 22 agus 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** Is bainisteoir margaíochta é Máirtín Ó Dálaigh. Is mian leis eitilt ó Aerfort na Sionainne go dtí an Róimh ar 19 Iúil 2016. Seiceálann sé costas na dticéad ar shuíomhanna gréasáin dhá aerlíne. Is iad seo a leanas amanna na n-eitiltí acu:



| Aerlínte | Sionainn - Imeacht | An Róimh - Teacht |
|---|---|---|
| **Aer Dine** | 06:40 | 09:30 |
| **Aerlínte Alfa** | 07:20 | 10:05 |

(i) Ríomh cá fhad a ghlacann an eitilt ó Shionainn go dtí an Róimh ar **gach** aerlíne acu. Taispeáin do fhreagraí agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le córas aeriompair a úsáid. *(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)* (30)

**(B)** Is iad seo a leanas táillí an dá aerlíne. Beidh Máirtín ag seiceáil isteach ar líne. Seiceálfaidh sé **dhá** mhála isteach ach ní bheidh sé ag cur suíocháin in áirithe.

| Táillí Aerlínte | Aer Dine | Aerlínte Alfa |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táille | 35.00 | 82.00 |
| Cánacha aerfoirt | 48.50 | 16.50 |
| Táille áirithinte | 2.50 | 7.00 |
| Suíochán in áirithe | 10.00 | 5.00 |
| Táille ar sheiceáil isteach ar líne | 5.00 | 12.50 |
| Táille ar mhála a sheiceáil isteach | €15 an mála | €5 an mála |

(i) Ríomh costas iomlán na heitilte ar Mháirtín le **gach** aerlíne acu.
Taispeáin do fhreagraí agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(ii) Ar bhonn costais, cé acu aerlíne a mholfá do Mháirtín eitilt léi?
*(Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.)* (18)

**(C)** I **ngach** spás atá curtha ar fáil *(ar leathanach 23 den Leabhrán)*, scríobh an téarma ceart do gach míniú ón liosta seo a leanas:

CEISTNEOIR TAIRISCINT SPEISIALTA MARGADH
BRANDÁIL MARGAÍOCHT TASTÁLA

*(Tá téarma amháin thuas nach mbaineann le míniú ar bith thíos.)*

| | **MÍNITHE** |
|---|---|
| (i) | Ainm nó lógó a úsáid chun táirgí a shainaithint agus a dhéanamh aithnidiúil. |
| (ii) | Liosta ceisteanna ullmhaithe a chuirtear ar thomhaltóirí mar chuid de shuirbhé. |
| (iii) | Táirge nua a thriail ar líon beag tomhaltóirí. |
| (iv) | Breis luacha ar airgead a thabhairt, mar shampla, trí cinn ar phraghas dhá cheann. |

(12)
**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán